



2024/1002

**RIALACHÁN (AE) 2024/1002 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 4 Aibreán 2024**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/915 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil sárchlóráite i bpiseanna**  
**(*Phaseolus vulgaris*) a bhfuil faighneoga orthu**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 315/93 ón gComhairle an 8 Feabhra 1993 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le héilleáin i mbia <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 2023/915 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe, lena n-áirítear sárchlóráit, in earraí bia.
- (2) An 30 Meán Fómhair 2014, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia tuairim eolaíochta maidir le sárchlóráit i mbia, go háirithe i dtorthaí agus i nglasraí, agus chinn sé go raibh ábhar inní ó thaobh na sláinte i gceist le láithreach sárchlóráite in earraí bia áirithe, lena n-áirítear piseanna (*Phaseolus vulgaris*) a bhfuil faighneoga orthu <sup>(3)</sup>.
- (3) Bunaíodh na huasleibhéil le haghaidh sárchlóráite i réimse leathan bia le Rialachán (AE) 2020/685 ón gCoimisiún <sup>(4)</sup> agus comhtháthaíodh na huasleibhéil sin i Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún. Cé nach raibh sonraí tarluithe cuimsitheacha ar fáil do gach fochatagóir torthaí agus glasraí nuair a bunaíodh na leibhéil sin, socraíodh uasleibhéil ginearálta dian do gach toradh agus glasra, lena n-áirítear piseanna, chun ardleibhéil cosanta do shláinte an duine a áirithiú.
- (4) Ina ainneoin sin, léiríonn sonraí tarluithe fairsinge a tháinig amach le déanaí maidir le leibhéil sárchlóráite i bpiseanna nach féidir an t-uasleibhéil a bhaint amach i bpiseanna (*Phaseolus vulgaris*) a bhfuil faighneoga orthu i limistéir mhóra táirgthe san Aontas, fiú má chuirtear dea-chleachtais i bhfeidhm.
- (5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an t-uasleibhéil le haghaidh sárchlóráite i bpiseanna (*Phaseolus vulgaris*) a bhfuil faighneoga orthu a ardú i gcomhréir leis an bprionsabal go bhfuil uasleibhéil le bunú ag leibhéil atá chomh híseal agus is indéanta le réasún agus dea-chleachtais á leanúint.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/194 a leasú dá réir.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

<sup>(1)</sup> OL L 37, 13.2.1993, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103).

<sup>(3)</sup> *Scientific opinion on the risks to public health related to the presence of perchlorate in food, in particular fruits and vegetables*. [Tuairim eolaíoch maidir leis na rioscaí don tsláinte phoiblí a bhaineann le láithreach sárchlóráite i mbia, go háirithe i dtorthaí agus i nglasraí.] *EFSA Journal* [Iris EPSA] 2014;12(10):3869, <https://doi:10.2903/j.efsa.2014.3869>

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) 2020/685 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 a mhéid a bhaineann le huasleibhéil sárchlóráite in earraí bia áirithe (IO L 160, 25.5.2020, lch. 3).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Aibreán 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER

---

## IARSCRÍBHINN

I roinn 6 (éilleáin eile) in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/915, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 6.3.1 (torthaí agus glasraí seachas na táirgí a liostaítear in 6.3.1.1 agus 6.3.1.2):

6.3.1	Torthaí agus glasraí seachas na táirgí a liostaítear in 6.3.1.1, 6.3.1.3 agus 6.3.1.3	0,05
6.3.1.1	<i>Cucurbitaceae</i> agus cáil	0,10
6.3.1.2	Glasraí duilleacha agus luibheanna	0.50
6.3.1.3	Pisceanna ( <i>Phascolus vulgaris</i> ) a bhfuil faighneoga orthu	0,15'